Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Beartas um an Óige sna Balcáin Thiar, mar chuid den Chlár Oibre um Nuálaíocht do na Balcáin Thiar

(tuairim féintionscnaimh)

(2022/C 443/06)

Rapóirtéir: **Ionuț SIBIAN**

Comhrapóirtéir: **Andrej ZORKO**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	9.6.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	13.7.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	571
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	165/2/1

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Agus an dul chun cinn a rinneadh maidir le creataí beartais fónta don óige a fhorbairt á aithint dó ag Coiste Eacanamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), tá sé ag iarraidh ar rialtais chomhpháirtithe na mBalcán Thiar tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i mbeartais óige fianaisebhunaithe lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin forbartha a bhíonn ag daoine óga. D'fhonn rath na forbartha inbhuanaithe a áirithiú i bpobail áitiúla, creideann CESE gur gá forbairtí institiúideacha, cláir agus beartais a bhunú ar na dearcthaí a bhíonn ag daoine óga i dtaobh fhorbairt an duine. Thairis sin, tá CESE suite de gur réamhriachtanas maidir le hathruithe dearfacha a éascú agus cás daoine óga a fheabhsú iad leithdháiltí leordhóthanacha agus trédhearcacha buiséid a chur ar fáil d'fhorbairt an bheartais um an óige.

1.2. Tá CESE ag iarraidh ar rialtais náisiúnta na mBalcán Thiar cloí le príomhdhoiciméid an Aontais Eorpaigh i dtaobh an bheartais um an óige, d'fhonn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a mbeartais náisiúnta um an óige agus cur ar chumas daoine óga páirt a ghlacadh i gceapadh beartas.

1.3. Creideann CESE gur réamhriachtanas iad sonraí ardcháilíochta óige-íogaire a bhailiú go córasach le go bhféadfar beartais eolasacha agus bearta tacaíochta a chruthú do dhaoine óga, go háirithe grúpaí leochaileacha de dhaoine óga. Go háirithe, ní mór feabhas mór a chur ar an gcóras chun sonraí a bhaineann leis an ngné shóisialta den ról a bhíonn ag daoine óga a bhailiú agus a phróiseáil ([1]).

1.4. Chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhrac in aghaidh na bochtaineachta agus feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais, tá CESE den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta agus na heagraíochtaí sochaí sibhialta rannpháirteach d'fhonn athchóiriú níos leithne a dhéanamh le go bhféadfar cearta sóisialta agus ionchais daoine óga a fheabhsú. Ba cheart ról níos mó a bheith ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag eagraíochtaí sochaí sibhialta eile san idirphlé maidir le hathchóirithe sóisialta agus eacnamaíocha. Ba cheart a áirithiú leis an tacaíocht dhíreach ón Aontas go gcuirfear dearcthaí na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta san áireamh.

1.5. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí cláir agus struchtúir réigiúnacha an Aontais a threisiú, d'fhonn teagmháil a dhéanamh le níos mó daoine óga sna Balcáin Thiar trí dheiseanna oideachais, soghluaisteachta, oibre deonaí agus fostaíochta a chur ar fáil dóibh.

([1]) Fondúireacht Ana agus Vlade Divac, Youth Participation Index for 2020, lch. 31.

1.6. Tá CESE ag iarraidh go ndíreofar níos mó ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint, trí scéimeanna printíseachta a nascadh leis an bhfoghlaim acadúil ar an dara agus an tríú leibhéal. Creideann an Coiste nach mór an dlúthchomhar idir an beartas oideachais agus oiliúna agus an pobal gnó a fheabhsú agus gur cheart díriú níos mó ar inniúlachtaí seachas ar cháilíochtaí.

1.7. Is díol sásaimh do CESE an Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar, ina n-iarrtar feabhas a chur ar an rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, go háirithe i gcás daoine óga agus mná, grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus mionlaigh, go háirithe na Romaigh. Ba cheart do chur chun feidhme an Phlean sin cur leis an bhfiúntas do dhaoine óga.

1.8. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí an Ráthaíocht don Aos Óg sna Balcáin Thiar a chur chun feidhme i bhfianaise na moltaí ón gComhairle maidir le Ráthaíocht threisithe don Aos Óg ([2]).

1.9. D'fhonn Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme sna Balcáin Thiar, tá CESE ag iarraidh go gcuirfí le hacmhainní na seirbhísí poiblí fostaíochta agus a bhfoirne i dtíortha an réigiúin.

1.10. Tá CESE ag tarraingt aird ar an tábhacht a bhaineann leis an gcomhar idir comhpháirtithe éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na dífhostaíochta i measc na hóige. Ba cheart comhpháirtíochtaí a bhunú ar gach leibhéal rialtais, idir soláthraithe na Ráthaíochta don Aos Óg agus geallsealbhóirí ábhartha, amhail comhpháirtithe sóisialta, institiúidí oideachais agus oiliúna, eagraíochtaí don óige agus eagraíochtaí sochaí sibhialta eile.

1.11. Creideann CESE gur cheart aird a thabhairt ar fhothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta agus ar fhorbairt an idirphlé shóisialta agus na cómhargála d'fhonn dálaí oibre forbhásacha a mhaolú agus cáilíocht na bpost a fheabhsú. Tá CESE ag iarraidh ar chomhpháirtithe sóisialta na mBalcán Thiar, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal earnála, daoine óga a rannpháirtiú go gníomhach ina ngníomhaíochtaí uile, lena n-áirítear an chómhargáil.

1.12. Trí na deiseanna a chruthaíonn Bliain Eorpach na hÓige a chur san áireamh, bliain atá á ceiliúradh in 2022, tá CESE suite de nár cheart an cur chuige chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh daoine óga agus an Eoraip a thabhairt níos gaire do dhaoine óga a bheith teoranta do dhaoine óga a bhfuil cónaí orthu san Aontas Eorpach, agus dóibhsean amháin; ba cheart daoine óga as gach tír sna Balcáin Thiar a áireamh ann.

1.13. I gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh, tá CESE á mholadh don Aontas agus do chomhpháirtithe an Aontais sna Balcáin Thiar uirlis measúnaithe tionchair ó thaobh na hóige de a thabhairt isteach. D'fhágfadh an measúnú tionchair sin go gcuirfí daoine óga san áireamh le linn na bpróiseas ceaptha beartas agus go bhféadfaí beartais atá níos spriocdhírithe a chruthú agus aon bhearta maolaithe a theastódh le go seachnófaí an tionchar diúltach ar dhaoine óga a shainaithint.

1.14. Creideann CESE go bhfuil gá le hiarrachtaí ó rialtais chomhpháirtithe na mBalcán Thiar chun an comhar réigiúnach a leagan síos mar thosaíocht bheartais. Agus é ag tacú leis an athrú sin agus ag cur an chomhair réigiúnaigh chun cinn mar thosaíocht bheartais, ba cheart don Aontas tacú leis na Balcáin Thiar chun príomhréimsí agus bealaí a shainaithint lena bhféadfaí athruithe a chur chun cinn do shaoránaigh thíortha uile na mBalcán Thiar, go háirithe do dhaoine óga.

1.15. Sna Conclúidí ó Chruinniú Mullaigh 2021 na mBalcán Thiar i mBeirlín ar cuid de Phróiseas Bheirlín ([3]) é, leagtar béim ar an ngá atá ann na heagraíochtaí agus na líonraí don óige a neartú. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar bhealaí chun tacú le struchtúir ábhartha don óige, e.g. comhairlí náisiúnta don óige agus brateagraíochtaí óige sna Balcáin Thiar, ar an leibhéal réigiúnach, lena n-éascaítear idirphlé réigiúnach maidir leis an mbeartas um an óige.

([2]) Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 A Bridge to Jobs – Reinforcing the Youth Guarantee and replacing the Council Recommendation of 22 April 2013 on establishing a Youth Guarantee [Droichead chun na Fostaíochta – lena dtreisítear an Ráthaíocht don Aos Óg agus lena n-ionadaítear Moladh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú]; (IO C 372, 4.11.2020, lch. 1).

([3]) Cruinniú Mullaigh na mBalcán Thiar de Phróiseas Bheirlín, Cruinniú Mullaigh Bheirlín 2021, Conclúid an Chathaoirligh.

1.16. Creideann CESE go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun ionadaíocht pholaitiúil agus oideachas polaitiúil daoine óga a neartú, tríd an ngnáthpholaitíocht agus trí struchtúir na hóige, e.g. comhairlí náisiúnta na n-óg, comhairlí áitiúla nó bardais. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh ar institiúidí an Aontais Eorpaigh tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Balcáin Thiar le go bhféadfaidh na tíortha sin feabhas a chur ar an ról a bhíonn ag daoine óga.

1.17. Is díol sásaimh do CESE go bhfuil gníomhaíochtaí breise beartaithe faoin gClár Oibre um Nuálaíocht do na Balcáin Thiar chun tacú lena rannpháirtíocht i gcláir uile an Aontais Eorpaigh lena gcumhdaítear an taighde, an nuálaíocht, an t-oideachas, an cultúr, an óige agus an spórt. Agus an comhghaol dearfach idir an tsoghluaisteacht oideachais nó oiliúna agus rannpháirtíocht shibhialta agus pholaitiúil na ndaoine óga á gcur san áireamh, d'fhéadfaí ról daoine óga a chur chun cinn mar thoradh ar iarrachtaí breise ina leith sin.

1.18. Tá CESE á dhearbhú athuair a thábhachtaí atá daoine óga do thodhchaí na mBalcán Thiar agus, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé bearta nithiúla a dhéanamh chun go mbeidh ionchais agus deiseanna do dhaoine óga ar fáil sa réigiún amach anseo, lena gcuirfear ar a gcumas fanacht agus dul chun cinn a dhéanamh ([4]). Tá sé thar a bheith tábhachtach daoine óga a rannpháirtiú go pras i ndearadh agus i gcur chun feidhme na n-athruithe sóisialta agus polaitiúla.

2. **Réamhrá**

2.1. De réir Eurostat ([5]), tá an líon iomlán daoine óga sna Balcáin Thiar cothrom le thart ar 3,6 milliún duine, líon arb ionann é agus thart ar 21 % den daonra iomlán. Is ag an gCosaiv (*) atá an sciar is airde de dhaoine óga sa daonra iomlán (26,29 %), agus ina dhiaidh sin an Albáin (23,4 %), an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (20,37 %), an Mhacadóin Thuaidh (20,32 %), Montainéagró (19,49 %) agus an tSeirbia (16,8 %). Níl mórán difríochta idir an cóimheas idir fir agus mná i measc na n-óg ó stát go stát sna Balcáin Thiar, ach sciar na bhfear a bheith beagán níos airde – is fir iad 51,16 % de dhaonra na n-óg sna Balcáin Thiar agus is mná iad 48,84 % ([6]).

2.2. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag comhpháirtithe na mBalcán Thiar ó thaobh a gcreat beartais don óige a bhunú agus a chomhdhlúthú tuilleadh, trí dhlíthe, straitéisí agus pleananna gníomhaíochta ábhartha a ghlacadh. Mar sin féin, ní mór córas lánfheidhmiúil don óige a fhorbairt, lena n-áiritheofar cumhachtú daoine óga agus rannpháirtíocht éifeachtach daoine óga sa chinnteoireacht. Tá laigí éagsúla ann, mar shampla, saincheisteanna polaitiúla níos leithne agus easpa toilteanais tosaíocht a thabhairt don óige mar bheartas idirinstitiúideach agus trasearnála, agus cineálacha an-sonrach deacrachtaí maidir le faireachán agus meastóireacht chórasach a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme an bheartais um an óige, ar bhailiú sonraí maidir leis agus ar a fhoilsiú ([7]).

2.3. Agus é mar aidhm leas daoine óga a chur chun cinn, ba cheart aird a thabhairt freisin ar chearta leanaí a chaomhnú. Cuireann gníomhaíochtaí beartais inbhuanaithe i ndáil leis sin le folláine leanaí agus is tacaíocht bhreise iad leis an aistriú buanna go haois an ógánaigh agus an duine fhásta óig.

3. **Caipiteal daonna a fhorbairt**

3.1. Tá leibhéal agus ábharthacht an oideachais ríthábhachtach d'ionchais fostaíochta, d'fhorbairt ghairme agus do chuimsiú sóisialta daoine óga sa réigiún. Mar sin féin, léiríonn na córais oideachais go fóill go bhfuil easnaimh ann maidir le freastal ar gach mac léinn agus maidir leis na scileanna cuí a thabhairt do chéimithe óga. Fágann naisc neamhleora nó neamhéifeachtúla le sraitheanna beartais eile amhail an fhostaíocht, an geilleagar, na seirbhísí sóisialta agus an chosaint shóisialta go mbíonn a lán leanaí agus daoine óga i mbaol an scoil a fhágáil róluath, an eisiaimh shóisialta agus na bochtaineachta ([8]).

([4]) An Dearbhú Críochnaitheach ón 8ú Fóram de chuid na Sochaí Sibhialta um na Balcáin Thiar.
([5]) Basic figures on Western Balkans and Turkey, Bileoga eolais, eagrán 2022.
(*) Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas agus tá sé ag teacht le Rún 1244 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.
([6]) An Chomhairle um Chomhar Réigiúnach, Mapping of Youth Policies and Identification of Existing Support and Gaps in Financing of Youth Actions in the Western Balkans — Tuarascáil chomparáideach, Eanáir 2021, lch. 4.
([7]) An Chomhairle um Chomhar Réigiúnach, Mapping of Youth Policies and Identification of Existing Support and Gaps in Financing of Youth Actions in the Western Balkans — Tuarascáil chomparáideach, Eanáir 2021, lch. 4.
([8]) An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF), Unlocking youth potential in South Eastern Europe and Turkey: Skills development for labour market and social inclusion, 2020.

3.2. D'fhonn geilleagar dinimiciúil a thógáil, ní mór do na Balcáin Thiar infheistíocht a dhéanamh san eolas agus i bhforbairt scileanna daoine óga. Tá athchóirithe ar an gcóras oideachais ríthábhachtach chun iarrachtaí forbartha a chur chun cinn ([9]). Ní mór do na Balcáin Thiar feabhas a chur fós ar a bhfeidhmíocht agus a áirithiú go bhfaigheann daoine óga na bunscileanna a theastaíonn, agus ní mór dóibh an bhearna feidhmíochta idir iad agus an tAontas a laghdú.

3.3. B'fhadhb sheanbhunaithe í an eisimirce as na Balcáin Thiar mar gheall ar shaincheisteanna eacnamaíocha, sóisialta agus institiúideacha, rud a chuireann ionchais forbartha an réigiúin i mbaol. Tá gach dóchúlacht ann nach dtiocfaidh aon mhaolú ar an eisimirce sa chuid is mó den réigiún sna blianta beaga amach romhainn, ach ní dócha go gcuirfidh sin bac ar ghlacadh na mbeartas cuí chun daoine óga a choinneáil sa réigiún. Bíonn cúiseanna éagsúla ag daoine leis an réigiún a fhágáil, ach is minic a bhíonn na cúiseanna sin dírithe ar na deacrachtaí a bhainfeadh le hardchaighdeán saoil a bhaint amach dóibh féin agus dá dteaghlaigh dá bhfanfaidís sa réigiún. Tá caipiteal daonna an réigiúin, rud atá riachtanach don fhás eacnamaíoch, ag ísliú de thoradh imirce daoine oilte agus, ag an am céanna, tá ag teip ar an mbonneagar sóisialta atá ann cheana dálaí maireachtála na ndaoine sin a fhanann sa bhaile a fheabhsú. Is gá bearta cuí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta freisin chun cúrsaíocht daoine oilte a dhéanamh den imirce daoine oilte.

3.4. Is cúis mhór imní fós an ollghluaiseacht daoine amach as an gcuid is mó de thíortha na mBalcán Thiar, ós rud é go mbíonn tionchar aige sin ar ionchais eacnamaíocha, shóisialta agus pholaitiúla réigiúin atá fós chun deiridh ar an Aontas go heacnamaíoch. Tá sé deacair an líon iomlán daoine a d'fhág an réigiún a thabhairt le fios go cruinn. Léiríonn na sonraí ([10]) go mbíonn daoine ag fágáil an réigiúin i gcónaí. Idir 2012 agus 2018, d'fhág 155 000 duine an réigiún gach bliain ar an meán chun a n-aghaidh a thabhairt ar thír de chuid ECFE; in 2018 amháin, d'fhág 175 000 duine an réigiún ([11]).

3.5. Chomh maith le hionchais eacnamaíocha níos fearr ar an gcoigríoch, léiríodh freisin i staidéir éagsúla an ról tábhachtach a bhíonn ag institiúidí poiblí ardcháilíochta agus iontaofa le daoine a mhealladh chun dul ar imirce. Tugadh le fios in anailís de chuid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ([12]) (2016), ainneoin go bhfuil gach cineál imircigh ag lorg deiseanna eacnamaíocha níos fearr thar lear, go mbíonn daoine ardoilte ag iarraidh bogadh freisin mar gheall ar dhrochcháilíocht na n-institiúidí ina dtír dhúchais (éilliú agus finíochas maidir le fostaíocht a fháil), agus go mbíonn daoine ar bheagán oiliúna meallta ag na córais sochar sóisialta atá níos mó agus níos iontaofa ar an gcoigríoch ([13]). Bíonn ardleibhéal éillithe sa réigiún ina phríomhchúis le gluaiseachtaí imirceach amach as an réigiún, agus mar bharr ar an donas níl muinín ag 63 % de na daoine sa réigiún as na forais bhreithiúnacha ná reachtacha ([14]).

3.6. Bíonn fonn mór ar dhaoine óga sa réigiún bogadh thar lear chun deiseanna níos fearr a fháil, rud a fhágann go bhfuil líon ard daoine óga i measc líon iomlán na n-eisimirceach. Mar shampla, sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, sa Mhacadóin Thuaidh agus san Albáin, bíonn fonn ar 50 % de na daoine óga cónaí agus dul ag obair thar lear ar feadh tréimhse níos faide ná 20 bliain, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chaillteanas mór san fhadtéarma do thodhchaí dhéimeagrafach agus eacnamaíoch an réigiúin ([15]). Is é is cúis leis an ardleibhéal imirce i measc an aosa óig sna Balcáin Thiar, go háirithe, nach bhfuil daoine óga in ann rochtain a fháil ar oideachas ar ardchaighdeán (agus na deiseanna teoranta eacnamaíocha a bhíonn ann nuair a bhaintear céim ollscoile amach), rud a thugann ar a lán daoine deiseanna oideachais a lorg thar lear. In 2018, thug 6 % de mhic léinn ollscoile sa réigiún faoina gcuid staidéir i dtír iasachta (ba 3 % an meán san Aontas Eorpach).

([9]) Léiríonn torthaí Chlár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) do 2018 leibhéil arda tearcghnóthachtála (mic léinn a bhfuil ag cliseadh orthu Leibhéal 2 ar scála PISA a bhaint amach sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht) sna príomhinniúlachtaí i mbeagnach gach tír sna Balcáin Thiar.

([10]) Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa: Social Infrastructure in the Western Balkans – Increasing the region's economic resilience, enhancing human capital and counteracting the effects of brain drain, Samhain 2021.

([11]) De thoradh saincheisteanna éagsúla, baintear an bonn de chruinneas na bhfigiúirí imirce do Réigiún na mBalcán Thiar, rud a chuireann bac leis na deiseanna maidir le comparáidí cuimsitheacha a dhéanamh idir tíortha.

([12]) Emigration and Its Economic Impact on Eastern Europe, 2016.

([13]) Is féidir leis tarlú i dtíortha na mBalcán Thiar nach mbíonn clúdach ceart sochar slándála sóisialta ann agus go gcuirtear moill, uaireanta, ar íoc na sochar.

([14]) An Chomhairle um Chomhar Réigiúnach, Balkan Barometer 2020: Public Opinion Survey.

([15]) Lavric, Tomanovic, & Jusic, FES Youth Study Southeast Europe 2018/2019.

3.7. Ní thacaíonn bonneagar sóisialta na mBalcán Thiar a dhóthain leis an gcumas atá sa réigiún bonn láidir caipitil dhaonna a fhorbairt agus a chothabháil, go háirithe i gcomhthéacs eis-sreabhadh caipitil dhaonna trí imirce daoine oilte. Bíonn ar earnálacha oideachais fhormhór na dtíortha dul i ngleic le heaspa maoinithe agus ganntanas acmhainní, rudaí is cúis le rochtain easpach ar oideachas agus torthaí nach bhfuil barrmhaith. Ní éiríonn le torthaí oideachais nach bhfuil barrmhaith, ach oiread, na scileanna riachtanacha a theastóidh ó na glúine atá le teacht a áirithiú le go mbeidh siad in ann freastal ar na riachtanais atá ag gnólachtaí atá ann cheana agus cabhrú le gnólachtaí nua a fhorbairt.

3.8. Tá sé ríthábhachtach an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcaipiteal daonna le go bhféadfar cur leis an iomaíochas agus dul i ngleic leis an dífhostaíocht. Bíonn ar lucht saothair an lae inniu réimse scileanna idirdhisciplíneacha a bheith acu, mar aon leis an gcumas oiriúnú, agus meon fiontraíoch, agus bíonn gá slándáil shóisialta iomchuí a áirithiú ag an am céanna.

3.9. Ní mór do na córais oideachais agus na curaclaim reatha an infhostaitheacht i measc na nglún óg a athchóiriú agus a neartú tríd an ngairmoideachas agus gairmoiliúint, an t-oideachas digiteach agus an fhiontraíocht a chur chun cinn.

3.10. Ba cheart cumas fiontraíochta daoine óga a spreagadh agus a chur chun cinn. Ní mór do lucht ceaptha beartas a áirithiú go bhfuil timpeallacht fhabhrach ann do dhaoine óga le go bhféadfaidh siad a ngnó féin a thosú agus a bheith ina bhfiontraithe agus tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus rochtain níos éasca ar mhaoiniú a chur ar fáil dóibh.

3.11. Sa domhan atá ag forbairt go tapa sa lá atá inniu ann, is den riachtanas é an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide, samhlacha nua gnó, cumas taighde agus nuálaíochta agus forbairt réiteach teicneolaíoch nua don aistriú glas. Chuige sin, tá sé tábhachtach cur le líon na ndaoine óga, go háirithe mná óga, a bhfuil inniúlachtaí STEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) agus scileanna digiteacha acu.

3.12. Tá na poist atá ann cheana á n-athrú ó bhonn ag an aistriú glas, tá roinnt post á scriosadh, agus poist nua á gcruthú a dteastaíonn scileanna nua glasa agus digiteacha lena n-aghaidh. Caithfidh an córas oideachais agus oiliúna é féin a chur in oiriúint don éileamh méadaitheach ar scileanna nua. Ba cheart na cláir oideachais agus oiliúna a chur ag luí leis na riachtanais ghnó atá ag athrú agus leis an dá aistriú, glas agus digiteach.

4. **Dúshláin a bhaineann le fostaíocht na n-óg sna Balcáin Thiar**

4.1. Is iad na príomhdhúshláin atá le sárú ag an mbeartas fostaíochta don aos óg sa réigiún ná na geallsealbhóirí ar na leibhéil éagsúla rialtais agus sna réimsí éagsúla beartais (seirbhísí fostaíochta, oideachais, tithíochta agus sláinte) a chomhordú; na laigí i gcáilíocht na gcóras oideachais agus na lochtanna atá ar theagasc na scileanna a theastaíonn sa mhargadh saothair; neamhéifeachtúlachtaí sa phróiseas cuardaigh fostaíochta as a dtagann mímheaitseáil scileanna agus tréimhsí fada sula n-aistrítear ón scoil agus ón ollscoil go dtí an obair; an oiread sin fostaíochta forbhásaí atá ann i ngeilleagair áirithe; an ganntanas fostaíochta do dhaoine óga; an easpa saoráidí cúraim leanaí chun tacú le mná atá ag filleadh ar an obair agus an leibhéal ard oibre neamhfhoirmiúla atá ann.

4.2. Bíonn daoine óga sna Balcáin Thiar faoi mhíbhuntáiste ar mhargaí saothair an réigiúin. In 2020, bhí an ráta fostaíochta i measc an aosa óig san aoisghrúpa 15-24 bliana faoi bhun 27 % ar fud réigiún iomlán na mBalcán Thiar, agus bhí an ráta dífhostaíochta i measc an aosa óig san aoisghrúpa 15-24 bliana os cionn 26 % (i gcomparáid le 16,8 % sna 27 mBallstát san aoisghrúpa 15-24 bliana), agus bhí sé beagnach cothrom le 50 % sa Chosaiv ([16]).

4.3. Tá an céatadán de dhaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna) san aoisghrúpa 15-24 bliana cothrom le 23,7 % ar an meán sna Balcáin Thiar, sin idir 15,9 % sa tSeirbia agus 37,4 % sa Chosaiv, i gcomparáid le 11,1 % san Aontas Eorpach san aoisghrúpa 15-24 bliana ([17]).

4.4. Is dífhostaithe go fadtéarmach atá beagnach dhá thrian de na daoine óga atá dífhostaithe sa Mhacadóin Thuaidh, sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus sa Chosaiv, agus dhá thrian de na mná óga atá dífhostaithe i Montainéagró.

([16]) An Chomhairle um Chomhar Réigiúnach, Study on Youth Employment in the Western Balkans, 2021.
([17]) An Chomhairle um Chomhar Réigiúnach, Study on Youth Employment in the Western Balkans, 2021.

4.5. Tá an ráta rannpháirtíochta (ráta gníomhaíochta) daoine óga sa lucht saothair níos ísle freisin ná mar atá san Aontas Eorpach agus tá bearna mhór inscne sa rannpháirtíocht sa lucht saothair, rud a léiríonn, go pointe áirithe, go bhfuil ganntanas saoráidí cúraim leanaí ann do mháithreacha óga ar mian leo dul isteach sa mhargadh saothair. Léirítear an bhearna idir na hinscní i rátaí fostaíochta na mban óg freisin, rátaí atá faoi bhun rátaí fostaíochta na bhfear óg i ngach áit sa réigiún. Na háiteanna sin ina bhfuil na rátaí dífhostaíochta is airde i measc na n-óg (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, an Mhacadóin Thuaidh, an tSeirbia), bíonn ráta dífhostaíochta na mban óg níos airde ná an ráta sin i measc na bhfear. Os a choinne sin, tá ráta dífhostaíochta na mban óg faoi bhun ráta dífhostaíochta na bhfear óg san Albáin agus i Montainéagró, mar atá san Aontas Eorpach freisin.

4.6. Bíonn daoine óga faoi mhíbhuntáiste ar na margaí saothair. Tá sciar níos airde de chonarthaí sealadacha ag daoine óga i ngach geilleagar sa réigiún ná mar atá san Aontas Eorpach, go háirithe sa Chosaiv agus i Montainéagró, áit arb é an cineál sin conartha atá ag níos mó ná dhá thrian de na daoine óga atá fostaithe, agus ag a leath sa tSeirbia. Is féidir le fostaíocht fhorbhásach den chineál sin dochar a dhéanamh do dhea-bhail an duine agus do tháirgiúlacht na ngeilleagar sin.

4.7. Ba cheart tús áite a thabhairt do riachtanais daoine óga, go háirithe i bhfianaise líon ard na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna). Ní mór béim a leagan ar an ngá atá le bearta atá bunaithe ar shampla na Ráthaíochta don Aos Óg, go mór mór le linn géarchéime. Cabhróidh sé sin le tairiscint fostaíochta, bhreisoideachais, phrintíseachta nó oiliúna a thabhairt do dhaoine óga, agus, ar an gcaoi sin, cuirfear réitigh agus deiseanna ar fáil do dhaoine óga agus cabhróidh sé chun dul i ngleic le himirce daoine oilte.

5. **Daoine óga sna Balcáin Thiar mar fhórsa tábhachtach don chomhar réigiúnach agus do chur chun cinn na lánpháirtíochta Eorpaí**

5.1. Ba cheart do rathúnas na dtíortha sin agus a gcóineasú leis an Aontas a bheith bunaithe ar phrionsabail na cuimsitheachta, na hiontaoibhe agus an chomhair. Tá CESE á chur in iúl gur thug rialtais thíortha na mBalcán Thiar gealltanas cloí le bunluachanna Eorpacha an daonlathais, an smachta reachta agus na gceart bunúsach, mar aon leis an athmhuintearas, nuair a thug siad faoi athchóirithe a dhéanamh faoi stiúir an Aontais agus pleananna infheistíochta a chur chun feidhme ([18]).

5.2. Tá CESE den tuairim freisin go bhfuil an comhar réigiúnach sna Balcáin Thiar ríthábhachtach do phróiseas an mhéadaithe, agus gur cheart é a neartú tuilleadh chun athrú a chur chun cinn. Peirspictíocht iontaofa Eorpach an phríomhdhreasacht agus an spreagadh don athrú sa réigiún. Is príomhuirlis í maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus an meas ar chearta bunúsacha a chur chun cinn, rudaí atá ar an bpríomhspreagadh don chomhtháthu eacnamaíoch agus ar an gcrann taca riachtanach maidir leis an athmhuintearas agus an chobhsaíocht réigiúnach a chothú ([19]).

5.3. Tuigeann CESE gur seoladh roinnt tionscnamh tábhachtach Eorpach agus réigiúnach le blianta beaga anuas, go háirithe maidir le réigiún na mBalcán Thiar, d'fhonn é a thabhairt níos gaire don Aontas Eorpach, agus, freisin, chun an comhar i measc daoine óga a neartú. Is é an tAontas an príomh-chomhpháirtí straitéiseach sa réigiún i gcónaí, agus cuireann sé cistí agus tacaíocht ar fáil trí chláir éagsúla (an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, Erasmus+, etc.). Ina theannta sin, leanadh dea-shampla na hOifige Óige Franc-Ghearmánaí nuair a seoladh an Oifig Réigiúnach um Chomhar na hÓige (RYCO) in 2016 d'fhonn meon athmhuintearais agus comhair idir na daoine óga sa réigiún a chur chun cinn trí bhíthin cláir malartaithe ógra.

5.4. Tá ról tábhachtach ag RYCO ó thaobh feabhas a chur ar an gcomhar i measc daoine óga sna Balcáin Thiar. Bhí ríthábhacht leis an tacaíocht a thug an tAontas chun comhar réigiúnach na hóige a dhéanamh níos éifeachtaí, rud atá ina ghné riachtanach ar mhaithe leis an tsíocháin agus an chobhsaíocht sa réigiún. Ach ní le hiarrachtaí RYCO amháin ba cheart ról na ndaoine óga a neartú maidir le hionchais an réigiúin a chur chun cinn.

5.5. Ar cheann de na gradaim a bhronnann Fóram Eorpach na nÓg tá Príomhchathair Óige na hEorpa. Tá an gradam sin ceaptha daoine óga a chumhachtú, cur leis an ról atá acu agus féiniúlacht Eorpach a neartú sna cathracha. Is é Tiorána Príomhchathair Óige na hEorpa in 2022. Tríd an mana "An t-aos óg a chur i mbun gnímh", is é an príomhchuspóir atá leis an mbliain i dTiorána rannpháirtíocht ghníomhach a spreagadh trí dhíriú ar riachtanais daoine óga, anois agus sa todhchaí. Tá gníomhaíochtaí sa chlár atá dírithe ar an obair dheonach a chur chun cinn, eagraíochtaí don óige a chumhachtú, agus líonraí agus sineirgí a chruthú idir daoine óga ar fud na hEorpa.

([18]) REX/184, An Dearbhú Críochnaitheach ón 8ú Fóram de chuid na Sochaí Sibhialta um na Balcáin Thiar, lch. 3.
([19]) IO C 220, 9.6.2021, lch. 88.

5.6. A bhuí leis an gcomhar agus le gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí arna n-eagrú i gcomhar le chéile ag institiúidí an Aontais agus ag geallsealbhóirí an bheartais um an óige sna Balcáin Thiar, ba cheart go gcuirfí tuilleadh tacaíochta ar fáil do chur chun feidhme rathúil an Chláir Oibre um Nuálaíocht do na Balcáin Thiar.

5.7. Na hiarrachtaí a dhéantar chun na Balcáin Thiar a rannpháirtiú i gcláir óige an Aontais, ba cheart iad a chomhordú leis na cláir a bhíonn á dtairiscint ag RYCO. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach cabhrú leis na Balcáin Thiar bealaí a aimsiú chun scéimeanna soghluaisteachta idir-réigiúnacha nua a bhunú.

6. **Guth daoine óga sna Balcáin Thiar a ardú**

6.1. Is é is aidhm do chlár oibre polaitiúil an Aontais maidir leis an gClár Oibre um Nuálaíocht do na Balcáin Thiar ceapadh beartas fianaisebhunaithe a éascú ([20]). Is cuid mhór den mhéid a iarrann an tAontas ar na tíortha uile atá i gcéim an réamhaontachais staitisticí iontaofa trédhearcacha a chur ar fáil ([21]).

6.2. Is é an cuspóir atá le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 rannpháirtíocht chuimsitheach dhaonlathach na ndaoine óga uile sna próisis dhaonlathacha agus sa tsochaí a spreagadh agus a chur chun cinn, ról gníomhach a thabhairt dóibh, tacú le hionadaíocht daoine óga ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta agus úsáid cineálacha nuálacha agus malartacha rannpháirtíochta daonlathaí a fhiosrú agus a chur chun cinn, e.g. uirlisí an daonlathais dhigitigh ([22]).

6.3. Is sásra idirphlé seanbhunaithe idir daoine óga agus lucht na cinnteoireachta í an uirlis Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh. Is díol sásaimh do CESE na tograí ón gCoimisiún chun tógáil ar an sásra sin agus chun é a thabhairt isteach sa chreat um chomhar réigiúnach sna Balcáin Thiar, lena n-áiritheofar go gcuirfear tuairimí agus riachtanais daoine óga agus eagraíochtaí óige san áireamh agus tosaíochtaí an bheartais um an óige á sainiú. Thairis sin, ba cheart na próisis agus na sásraí rannpháirtíochta atá ann cheana agus a bhfuil ról ag daoine óga sna Balcáin Thiar iontu a spreagadh agus a chur chun cinn.

6.4. De réir an Innéacs um Rannpháirtíocht Daoine Óga ([23]), tá ionadaíocht daoine óga sna Balcáin Thiar sa saol polaitiúil an-íseal go fóill. Léiríonn sonraí a fuarthas le déanaí go gcreideann tromlach mór (78 %) gur cheart ról níos mó a bheith ag daoine óga sa pholaitíocht ([24]).

6.5. Tacaíonn CESE go láidir le rannpháirtíocht daoine óga sna próisis chinnteoireachta maidir leis na saincheisteanna sin a mbíonn tionchar acu orthu. Chomh maith le ról an duine aonair, tá ról na n-eagraíochtaí óige ríthábhachtach maidir le seasamh daoine óga a chur chun cinn sna réimsí polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta. Dá bhrí sin, is gá aird a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le maoiniú agus tacaíocht do na heagraíochtaí sochaí sibhialta d'fhonn riachtanais daoine óga a shásamh, rud ar díríodh air sa Rialachán maidir le Cúnamh Réamhaontachais III agus sa mhodheolaíocht um méadú.

6.6. Meastar gur táscairí tábhachtacha iad stádas socheacnamaíoch agus gnóthachtáil oideachais maidir le claonadh an duine vótáil nó páirt a ghlacadh i gcineálacha eile rannpháirtíochta polaitiúla. Tríd an anailís staidrimh ar an leibhéal réigiúnach, tugtar léargas comhsheasmhach ar na héagothromaíochaí socheacnamaíocha a bhíonn i gceist sa ról a bhíonn ag daoine óga i Réigiún na mBalcán Thiar ([25]).

An Bhruiséil, an 13 Iúil 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG

([20]) An Clár Oibre um Nuálaíocht, Taighde, Oideachas, Cultúr, an Óige agus Spórt do na Balcáin Thiar.
([21]) An Coimisiún Eorpach – Caibidlí an *acquis* i gcéim na hidirbheartaíochta.
([22]) Teachtaireacht ón gCoimisiún Engaging, Connecting and Empowering young people: a new EU Youth Strategy [Daoine óga a thabhairt le chéile agus ról agus cumhacht a thabhairt dóibh: Straitéis nua Óige an Aontais Eorpaigh], (COM(2018) 269 final).
([23]) Fondúireacht Ana agus Vlade Divac, Youth Participation Index for 2020.
([24]) Friedrich Ebert Stiftung (2019), Jusic, Political alienation of a precarious generation, lch. 5.
([25]) Friedrich Ebert Stiftung (2019), Jusic, Political alienation of a precarious generation, lch. 5.